Cúrsaí Carthanachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa airgid na gcumann carthanachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a cheangal leis na focail ar dheis?

1. angry	**a.** *ar an ngannchuid*
2. ignoring	**b.** *ciorruithe*
3. for the good of	**c.** *ag tabhairt cluas bhodhar*
4. poor	**d.** *íocaíochtaí leasa shóisialaigh*
5. demand	**e.** *éileamh*
6. annoyed / angry	**f.** *bí i dteagmháil linn*
7. cutbacks	**g.** *ar buile*
8. social welfare payments	h. *ar mhaithe le*
9. those in need	**i.** *an ghoimh ar…*
10. contact us	**j.** *iad siúd a bhfuil easpa orthu*

1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**	**9**	**10**

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír uair amháin eile agus ceangail an chéad chuid de na habairtí i gcolún **A** leis an dara cuid den abairt cheart i gcolún **B**:

A	**B**
1. Tá an rialtas ag tabhairt cluas bhodhar	a. ó cheann ceann na bliana seachas aimsir na Nollag amháin
2. Tá éileamh mór ar Chumann Naomh Uinseann de Pól	b. íoc as na ciorruithe
3. Tugann Penny Dinners	c. agus bí i dteagmháil linn
4. Dúirt Mario Draghi go gcaithfeadh na daoine is boichte	d. curtha ar aghaidh chuig Joan Burton
5. Níl sé cóir na seirbhísí poiblí	e. do ghrúpaí a chuidíonn le daoine ar an ngannchuid
6. Tá a dtuairimí faoin mbuiséad	f. 1,300 béile amach gach seachtain
7. Labhair linn	g. a ghearradh ag an am céanna leis na ciorruithe

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 Éist leis an mhír uair amháin eile gan féachaint ar nótaí ar bith. Déan cur síos don duine in aice leat ar an tuiscint a bhain tú as.

Ceist 4. *an-bhocht Vs. róbhocht*

(a) Cad is brí le an- sa sampla thuas agus cad is brí le ró- sa sampla thuas?
(b) Ag féachaint ar na samplaí thuas go fóill breac síos na rialacha a bhaineann leis an dá réimír nuair a thosaíonn an t-ainmfhocal le consan. Mínigh an riail, ag baint úsáid as na samplaí seo a leanas:

Mór / beag/ gearr/ ciúin

(c) Má thosaíonn an t-ainmfhocal le guta cad a tharlaíonn? Bain úsáid as na samplaí seo chun an riail a mhíniú:

aosta / ionraic / óg / olc

(d) Má thosaíonn an t-ainmfhocal le d, t, s, l nó n, cad a tharlaíonn? Bain úsáid as na samplaí seo chun an riail a mhíniú:

sean / te / dorcha / dona

Ceist 5 **‘**…*grúpaí*…’

Éist leis an mhír arís agus breac síos an uimhir iolra de na focail seo a bhí le cloisteáil inti. Bí cúramach faoin litriú!

duine _____
bliain _____
seirbhís _____
fadhb _____
ciorrú _____
tuairim _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

a) Má théann tú thar dhuine atá ag iarraidh déirce ar an tsráid an dtugann tú airgead dó? Cad chuige?

b) Cén fáth a bhfuil i bhfad níos mó daoine bochta in Éirinn anois, ná mar a bhí cúpla bliain ó shin?

c) An tír bhocht í Éire i gcomparáid le tíortha eile ar an domhan? Mínigh.

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
g	**c**	**h**	**a**	**e**	**i**	**b**	**d**	**j**	**f**

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
e	a	f	b	g	d	c

Ceist 3

Tabhair deis do na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh dá chéile.

Ceist 4

(a) An- = very, ró- = too.

(b) Bíonn fleiscín tar éis 'an' agus séimhiú ar an chonsan. Bíonn séimhiú ar an chonsan tar éis ró, ach ní bhíonn fleiscín. (Samplaí: an-mhór, rómhór/ an-bheag, róbheag/ an-ghearr, róghearr/ an-chiúin, róchiúin.)

(c) an-aosta, ró-aosta / an-ionraic, ró-ionraic / an-óg, ró-óg / an-olc, ró-olc. Ní féidir séimhiú a chur ar ghuta agus úsáidtear fleiscín chun na gutaí a scaradh óna chéile.

(d) an-sean, róshean / an-te, róthe / an-dorcha, ródhorcha / an-dona, ródhona. Ní chuirtear séimhiú ar na litreacha dntls tar éis 'an-' ach cuirtear séimhiú orthu tar éis 'ró'.

Ceist 5

duine	*daoine*
bliain	*blianta*
seirbhís	*seirbhísí*
fadhb	*fadhbanna*
ciorrú	*ciorruithe*
tuairim	*tuairimí*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais. Tá Cumann Naomh Uinseann de Pól ar buile leis an rialtas agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais[i] Eorpaigh a deir siad. Deir an cumann go bhfuiltear ag tabhairt cluas bhodhar do ghrúpaí mar iad atá ag obair ar mhaithe le daoine atá ar an ngannchuid.

Barraí Mescall
Le blianta beaga anuas bíonn éileamh mór ar sheirbhísí Chumann Naomh Uinseann de Pól ó cheann ceann na bliana seachas ag an am seo den bhliain amháin. Ar maidin dúirt Leas-Uachtarán an chumainn, Tom McSweeney, nach bhfuil cluas éisteachta á fáil[ii] ón rialtas acu agus nach raibh an tAire Joan Burton sásta bualadh leo faoin mbuiséad.

Breandán Ó hAonghusa
Ní bhfuaireamar[iii] aon chruinniú, cruinniú príobháideach mar shampla leo chun an scéal a rá dóibh go bhfuil daoine in Éirinn[iv] anois faoi…i bhfadhbanna morgáiste, fadhbanna…ní féidir leo bille fuinnimh a íoc.

Barraí Mescall
Faoi láthair tugann an charthanacht *Penny Dinners* i gCorcaigh 1,300 béile amach chuile sheachtain. Chuir sé an ghoimh ar Chumann Naomh Uinseann de Pól a bhíonn ag obair leo siúd nuair a dúirt Mario Draghi, Uachtarán Bhanc[v] Lárnach na hEorpa leo go gcaithfeadh na daoine is boichte íoc as na ciorruithe. Mar sin, cad é an teachtaireacht atá acu don rialtas?

Breandán Ó hAonghusa
Caithfidh an rialtas na híocaíochtaí[vi] leasa shóisialaigh a chosaint agus ar a laghad iad a choimeád mar atá siad ag an am seo[vii]. Agus, níl sé féaráilte na seirbhísí poiblí acu a ghearradh ag an am céanna.

Barraí Mescall
Cé go bhfuil a dtuairimí faoin mbuiséad curtha ar aghaidh cheana féin go dtí an tAire[viii] Joan Burton tá teachtaireacht eile ag Cumann Naomh Uinseann de Pól dóibh siúd go bhfuil easpa orthu, is é sin, labhair linn agus bí i dteagmháil linn. Tá daoine eile sa chás ina bhfuil(eann) sibh. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí.

---

[i] *Ceannais* a deirtear
[ii] *á fháil* a deirtear
[iii] *níor fuaireamar* a deirtear
[iv] *i Éirinn* deirtear
[v] *Banc* a deirtear
[vi] *íocanna* a deirtear
[vii] *sin* a deirtear
[viii] Go minic tagann an tuiseal tabharthach in áit an tuisil ainmnigh i gcanúint na Mumhan